Cuid a 6 Roghnú Suímh

6.1 Léigh an Tírdhreach

Amharc ar an tírdhreach ar a bhfuil súil agat teach a thógáil. Agus tabhair iarraidh é a rangú mar a léirithe i gCuid a 5. Smaoinigh ar shuíomh laistigh den tírdhreach agus an cineál forbartha a bheadh oiriúnach sa cheantar; bí ar an eolas faoi thraidisiún thógála áitiúl agus suímh, mar shampla, beanna ar aghaidh na gaoithe nó tithe le stór amháin le tionchar agus nochtadh a laghdú.

Ná roghnaigh suíomh suntasach coirnéil, suíomh atá nocht nó ard laistigh den láithrán cionn is go mbeidh **Forbairt le Tionchar Ard** mar thoradh ar theach ar bith a bheadh tógtha ar shuíomh mar seo agus tógfaidh sé ar shiúl ón cheantar; beidh sé mar réamhshampla d'fhorbairtí eile agus ní bheidh sé chomh éifeachtach maidir le fuinneamh. Roghnaigh suíomh ar a dtig leat baile le **Tionchar Íseal** a fhorbairt, a bheidh suite isteach agus nasc déanta leis an tírdhreach.

Seachan láithreacha a bhrisfidh an léaslíne nó an uiscelíne. Bíodh eolas agat go mbeidh do theach le feiceáil ó gach taobh; seachain guaillí agus cinn fánaí nocht go háirithe. Sula ndéanann tú forbairt nó sula gceannaíonn tú an suíomh, ba chóir duit lata a chur go hairde iomlán an tí go bhfaighfeá measúnú ar an tionchar.

Tabhair aird ar na patrúin áitribh áitiúla. Coinnigh súil amach do shamplaí d' áitribh maithe laistigh den tírdhreach, go háirithe áitribh traidisiúnta a nascann go deas nó le dearadh pléisiúrtha; ba chóir go mbeadh tionchar acu seo ar do rogha deiridh.

Ní bheidh teach a oireann go maith don tírdhreach i gceannas: is é an tírdhreach an tréith cheannasaí i rith an ama.

Is sprioc de chuid an Chontae cur in aghaidh go gníomhach aon fhorbairt a bheadh suite go mí-oiriúnach agus a bheadh ina thréith fheiceálach laistigh den tírdhreach.

6.2 Déan Taighde ar an Cheantair

Déan cinnte go bhfuil na seirbhísí riachtanacha uilig ar fáil, macasamhail leictreachas, líne gutháin, píobaí srl.

Seiceáil an bhfuil polasaithe pleanála áirithe i bhfeidhm ar an suíomh: Polasaithe na mBóithre Náisiúnta nó Bóithre atá beartaithe, Criosanna Forbraíochta Contae & na bPleananna Ceantair Áitiúil, Ceantair Cónláistí, limistéirí atá sannta mar LCS, LSC nó LON, nó ceantair ina bhfuil Spéis Geolaíoch.

Seiceáil an bhfuil impleachtaí seandálaíochta nó caomhnaithe ag baint leis an suíomh, an bhfuil foirgnimh ann atá caomhnaithe ag Taifead na Struchtúr Cosanta?

Iarr comhairle faoi stádas tuilte an cheantair (féach polaisí ESP2 de Phlean Forbartha an Chontae).

Má tá ceann ar bith díobh seo ag cur isteach ar an suíomh, iarr comhairle sula leanann tú ar aghaidh leis an iarratas. Sábhálóidh sé am agus costas duit.



Iarnród

Séadchomhartha Cosanta

Abhainn

Suíomh

Struchtúr Cosanta

LON

Bóthar Réigiúnach

6.3 Bí Praiticiúil

Roghnaigh suíomh atá cóngarach de na seirbhisí a mbaineann tú úsáid astu go minic, cosúil le scoileanna, siopaí, áit oibre srl. Dá chóngaraí tú do na seirbhisí, níos lú am taistil agus turais níos gairide go laethúil a bheidh agat agus mar sin costais breosla níos ísle go pearsanta agus ó thaobh na timpeallachta de, agus beidh níos mó am saor agat féin.

Déan cinnte go bhfuil an suíomh mór go leor leis na seirbhisí go léir a ghlacadh, cosúil le huisce, cumhacht agus bealach isteach agus amach. Smaoinigh ar na héilimh a bheidh ar an suíomh agus déan cinnte go bhfuil solúbthacht go leor ann le iad a ghlacadh, mar shampla; méaduithe, spás do gharáiste, áit imeartha do pháistí agus spás chaitheamh aimsire.

Roghnaigh suíomh atá oiriúnach do chóireáil fuílluisce ag úsáid dabhach séarachais nó córas eile atá ceadaithe mura bhfuil bhfuil draenáil séarachais eile sa cheantar.

Déan cinnte go gcloíonn an bealach isteach chuig an suíomh le rialacha sábháilteachta tráchta do bhealaí mar seo mar atá molta ag Innealtóir na mBóithre sa cheantar.

6.4 Bain Úsáid As Na Gnéithe Nádúrtha Atá Ansin Cheana Féin!

Togha suíomh a ligfidh duit buntáiste iomlán a ghlacadh d'ardáin, loganna agus ceantair foscaidh: cuirfidh siad seo na gaoithe tharais, thart agus ar shiúl ón teach agus beidh laghdú ar úsáid breosla agus **Ísleoidh sé Tionchar** an áitribh.

Déan cinnte go bhfuil an teach suite sa dóigh go nglacann tú buntáiste iomlán as chúrsa na gréine: bhéarfaidh sé seo teocht saor in aisce agus neart fuinnimh agus cruthóidh sé timpeallacht lonrach chónaithe, ag laghdú úsáid leictreachais.

Roghnaigha suíomh le plandáil atá fásta cheana féin seachas áit suímh lom. Tabhair iarraidh tógáil i measc crann agus laghdóidh sé seo cuma an tí sa tírdhreach agus beidh foscadh agat. Ba chóir don suíomh dhá theorainn fhásta, nó leathfhásta, ar a laghad, a bheith air. Is féidir an phlandáil seo agus na crainn a choinneáil laistigh den suíomh agus plandáil a dhéanamh ar na teorainneacha eile ansin.

Seachain suíomh a bhfuil barraíocht oibre leis. Déanfaidh suíomh ar bith a bhfuil cuid mhór obair thocháilte nó cuid mhór líonadh isteach ag teastáil uaidh, athrach ar chuma agus ar charachtar an tsuímh; beidh impleachtaí costas agus ama i gceist; déanfaidh sé dochar buan don tírdhreach agus beidh coinníolacha cónaithe bocht ag na húinéirí mar thoradh ar seo. Más féidir, roghnaigh láthair laistigh den suíomh nach mbeadh mórán le hathrú ann, ag oibriú leis an talamh nádúrtha agus ní hé ina éadan.